# An Timpeallacht Gheilleagrach

Bhí borradh maith faoi gheilleagar na hÉireann in 2018, agus tá neart na gníomhaíochta ar an taobh intíre den gheilleagar mar aon le fás idirnáisiúnta sách fabhrach ag tacú leis an mborradh sin. Cé go raibh fás OTI príomha á shaobhadh ag gníomhaíochtaí fiontar ilnáisiúnta, léirítear le fianaise ó réimse táscairí a bhaineann le caiteachas agus gníomhaíocht intíre go raibh borradh mór faoin ngeilleagar intíre in 2018. Tá fás láidir, leathan ar fhostaíocht mar bhonn agus mar thaca faoi neart na gníomhaíochta intíre, rud a chuireann borradh faoi ioncaim agus a thacaíonn le méadú ar chaiteachas tomhaltóirí, fad atá fás láidir tagtha freisin ar phríomhghnéithe intíre den infheistíocht, amhail tógáil agus foirgníocht.

Ag féachaint romhainn, tuartar i réamhaisnéis lárnach an Bhainc Ceannais go dtiocfaidh fás ar luas sách láidir ar an mbunghníomhaíocht eacnamaíoch in 2018, cé go bhfuil ionchas ann go dtiocfaidh maolú áirithe ar an bhfás sin in 2019 agus in 2020. Is léiriú é sin ar mhoilliú áirithe ar fhás a rabhthas ag súil leis i bhfianaise céim chun cinn an leathnaithe thimthriallaigh atá anois ann agus i bhfianaise timpeallacht eacnamíoch idirnáisiúnta níos lú fabhraí agus níos éiginnte, inar tháinig laghdú ar ionchais fáis ár bpríomh-chomhpháirtithe trádála le míonna beaga anuas. Ó thaobh Brexit de, ba cheart a shonrú gur ullmhaíodh na réamhaisnéisí lárnacha ar an mbonn go mbeadh idirthréimhse i gceist go dtí deireadh 2020, sula dtiocfadh aon chaidreamh trádála nua ionchasach iar-Brexit i ngníomh. Agus cúinsí mar atá, is gá éiginnteacht i dtaca leis an treo a ghlacfaidh próiseas Brexit amach anseo, agus an t-am a bhainfidh leis, a chur leis na réamhaisnéisí sin. Maidir le nádúr agus am imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus go háirithe, más Brexit ordúil nó mí-ordúil a bheidh ann, beidh tionchar tábhachtach aige ar fhás gheilleagar na hÉireann sna blianta atá romhainn, agus ar scála an tionchair dheireanaigh a bheidh ag Brexit ar an ngeilleagar san fhadtéarma.

Má bhaintear tátal as an éiginnteacht, agus ar an gcoinníoll go mbeadh idirthréimhse ann go dtí deireadh 2020, tá an t-ionchas fáis do gheilleagar na hÉireann fós sách dearfach. Cé go dtuartar go n-eascróidh maolú áirithe ar fhás onnmhairí as an maolú tuartha ar éileamh seachtrach, meastar gur ó éileamh intíre a thiocfaidh an príomhspreagadh don fhás thar 2019 agus

thar 2020, arna spreagadh ag tuilleadh fáis ar fhostaíocht agus ar ioncaim. Dá ainneoin sin, toisc go dtuartar go maolófar an réamhaisnéis ar fhás fostaíochta thar thréimhse na réamhaisnéise, tuartar go mbeidh maolú ar fhás caiteachais tomhaltóirí i dtreo 2 faoin gcéad le linn na bliana seo agus le linn na bliana seo chugainn. I dteannta maolú áirithe ar bhunchaiteachas infheistíochta, tuartar go maolófar an fás ar bhunéileamh intíre go 4.1 faoin gcéad in 2019 agus go 3.3 faoin gcéad in 2020, tar éis fás measta 6.0 faoin gcéad an bhliain seo caite. Is léiriú é sin ar mhoilliú ar fhás tomhaltais phríobháidigh agus infheistíochta, arna fhritháireamh go páirteach ag fás níos láidre ar thomhaltas rialtais. Maidir le ONI, tar éis fás measta 7.5 faoin gcéad an bhliain seo caite, tuartar go mbeidh maolú ar fhás go 4.4 faoin gcéad in 2019 agus go 3.6 faoin gcéad in 2020. Is athbhreithnithe anuas de 0.4 faoin gcéad agus de 0.1 faoin gcéad iad sin ar an tuar a foilsíodh san Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach.

Maidir le Brexit, tá saothar foilsithe ag an mBanc Ceannais in anailís a rinneadh roimhe seo inar scrúdaíodh an tionchar féideartha meántéarmach a bheadh ag cás EDT ordúil agus ag comhaontú amhail comhaontú Limistéir Shaorthrádála ar gheilleagar na hÉireann. Toisc nádúr Brexit atá gan fasach, tá ardéiginnteacht ag baint le tionchar Brexit mí-ordúil a chainníochtú. Le Brexit mí-ordúil, tagann teannais agus costais bhreise chun cinn, ní hamháin de thoradh teacht isteach comhaontuithe nua trádála, ach de thoradh cliseadh ar chuid de na comhaontuithe lenar féidir trádáil a dhéanamh - d’fhéadfadh sé sin teacht chun cinn de bharr saincheisteanna rialála agus custaim, saincheisteanna maidir le bonneagar teorann, éiginnteacht dhlíthiúil etc; nithe a mbeadh iarmhairtí dochracha láithreacha acu ar thrádáil agus ar fheidhmiú slabhraí soláthair do tháirgeadh, do dháileadh agus do mhiondíol. Is féidir samhlacha agus uirlisí réamhaisnéise a úsáid chun tionchar athruithe fadtéarmacha ar shocruithe trádála a mheas ach níl siad chomh hoiriúnach céanna chun éifeachtaí gearrthéarmacha agus suaitheadh ionchasach a thuar arna n-eascairt as cliseadh na socruithe sin, a mbeadh a scála faoi thionchar cumas gnóthas agus miondíoltóirí dul i gcleachtadh ar aon socruithe nua, agus faoi thionchar aon fhreagairtí beartais nó bearta maolaithe arna nglacadh dá bharr sin.

I bhfianaise na ngnéithe sin, scrúdaítear i mBosca B (leathanach xx) na himpleachtaí macraeacnamaíochta féideartha a bheadh ag Brexit tobann mí-ordúil i Márta 2019 ar gheilleagar na hÉireann. Léirítear sa Bhosca go mbeadh impleachtaí eacnamaíocha ábhartha láithreacha ag deireadh tobann a bheith leis na comhaontuithe comhair atá anois ann idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i gcás Brexit mí-ordúil. Bheadh tionchar Brexit ‘gan chomhaontú’ le brath i ngach réimse de ghníomhaíocht eacnamaíoch. Bheadh strus ardaithe ann i margaí airgeadais agus b’fhéidir go mbeadh dímheas mór ar steirling freisin. Mar gheall ar mheathlú ar

dhálaí eacnamaíoch agus ar fhorbhreathnú ní ba dhiúltaí, chuirfeadh gnóthais pleananna infheistíochta ar athló nó ar ceal. Bheadh tionchar diúltach ar chaiteachas tomhaltóirí freisin, mar léiriú ar imní faoi chailliúint postanna agus faoi ionchas ioncaim sa todhchaí. Don tréimhse tosaigh ar a laghad, is dóigh go gcuirfear isteach ar chalafoirt agus ar aerfoirt mura mbíonn an bonneagar teorann in ann déileáil leis na socruithe nua. I bhfianaise na naisc dhoimhne sa sleabhra soláthair idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, rud a léirítear sa spleáchas ar an Ríocht Aontaithe i gcomhair allmhairí earraí idirmheánacha a úsáideann gnóthais Éireannacha i dtáirgeadh, agus i ngeall ar scála na n-allmhairí bia agus earraí tomhaltóirí ón Ríocht Aontaithe, bheadh impleachtaí do ghnóthais trí shuaitheadh dá bpróisis táirgthe agus do theaglaigh trí phraghas agus infhaighteacht earraí tomhaltóirí. Thiocfadh laghdú ar onnmhairí de bharr laghdú mór láithreach ar éileamh ón Ríocht Aontaithe agus de bharr titim i steirling, agus bheadh tionchar breise ar roinnt earnálacha de bharr taraifí agus constaicí neamhtharaife. Maidir leis na hearnálacha sin a bhraitheann níos mó ar thrádáil leis an Ríocht Aontaithe nó atá níos leochailí i dtaca le tafaifí agus constaicí neamhtharaife, amhail talmhaíocht, bia agus déantúsaíocht ar scála níos lú, is dócha go mbeidh tionchar ní ba dhiúltaí ar na hearnálacha sin.

I bhfianaise nádúr Brexit atá gan fasach, agus i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le scála agus tréimhse an tsuaite arna eascairt as imeacht tobann ó na socruithe atá anois ann, tá ardéiginnteacht ag baint le tionchar Brexit mí-ordúil ar na gnéithe sin a chainníochtú. Leis na foláirimh sin, tugann na meastúcháin i mBosca B le tuiscint go bhféadfadh Brexit mí-ordúil ráta fáis gheilleagar na hÉireann a laghdú oiread agus 4 phointe faoin gcéad sa chéad bhliain. I bhfianaise na réamhaisnéisí dearfacha atá anois ann do gheilleagar na hÉireann, ciallaíonn sé sin go mbeadh fás áirithe fós ar aschur in 2019 agus in 2020, fiú agus Brexit mí-ordúil ann. Mar sin féin, bheadh an luas fáis sa dá bhliain sin laghdaithe go suntasach. Leanfadh an geilleagar ag fás in 2019 agus in 2020 i gcás Brexit mí-ordúil, agus is léiriú é sin go bhfuil fás láidir leathan ann sa gheilleagar anois, go bhfuil nádúr an táirgthe éagsúlaithe i mórán earnálacha, agus go bhfuil éileamh intíre láidir. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach réamhaisnéisí iad seo de thorthaí sa todhchaí. Ina ionad sin, is léiriú iad ar an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit faoi réimse príomhthoimhdí.

Dá ainneoin sin, ní hé Brexit an t-aon riosca amháin d'ionchas eacnamaíoch na hÉireann agus tá rioscaí ábhartha intíre agus seachtracha fós ann. Ar an taobh intíre, tá dálaí an mhargaidh saothair fós le daingniú tuilleadh, cé go bhfuil maolú áirithe ar bhunéileamh intíre ar an bhfás tar éis tréimhse fáis láidir. Fad is atá an geilleagar ag druidim i dtreo lánfhostaíochta, is gá cosaint a thabhairt ar an riosca go go n-eascróidh dinimic an róbhorrtha as dálaí timthriallacha láidre. Ar an taobh seachtrach, tá roinnt rioscaí soiléire

ar an taobh thíos fós ann do gheilleagar na hÉireann, sa bhreis ar Brexit. Tá an t-ionchas eacnamaíoch idirnáisiúnta lagaithe ó foilsíodh an Fhaisnéis dheireanach, fad is atá rioscaí do thrádáil idirnáisiúnta agus do cháin idirnáisiúnta fós ann. I bhfianaise chás na hÉireann mar gheilleagar beag fíoroscailte agus i bhfianaise ról tábhachtach na ngnóthas ilnáisiúnta laistigh den gheilleagar, bíonn tionchar tábhachtach ag athruithe ar thrádáil dhomhanda, ar cháin agus ar dhálaí airgeadra ar fheidhmiú an gheilleagair.

Maidir le beartas intíre, neartaítear athléimneacht an gheilleagair agus a chumas cúlú amach anseo a sheasamh má chruinnítear maoláin fhioscacha le linn tréimhsí maithe, rud a cheadóidh gníomhaíochtaí beartais fhritimthriallacha níos láidre i gcás aon chúlú eacnamaíoch amach anseo. Maidir leis an bhfeidhmíocht láidir i bhfás eacnamaíoch agus na leibhéil airde fiachais phoiblí atá fós ann, éilíonn siad sin feabhas ní ba mhó sa staid fhioscach ná mar atá beartaithe. De réir stuamacht fhioscach, ba cheart barrachais mhóra a bheith ann chun dinimic chomhthimthriallacha a mhaolú agus chun maoláin a chruinniú chun teorainn a chur le costas cúluithe amach anseo. I dtaca le comhdhéanamh, léiríonn neamh-intuarthacht ioncaim cánach corparáidí le blianta beaga anuas go bhfuil baol ag baint le brath ar bhorradh faoi ioncam, a d’fhéadfadh a bheith ina bhorradh neamhbhuan, chun gealltanais chaiteachais mharthana a mhaoiniú. B’iomchuí amhantair a choigilt seachas iad a chaitheamh, chun dinimic chomhthimthriallacha a mhaolú agus chun maoláin a chruinniú chun teorainn a chur le costas cúluithe amach anseo.